# An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta

**Foirm CI 1**

## Éileamh ar Íocaíocht

| | |
|---|---|
| **Ainm an cháis**<br>**(BLOCLITREACHA)** | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cúirt** | | **An cineál cáis** (cuir tic le do thoil) | Barántas Gabhála Eorpach | |
| | | | Eiseachadadh | |
| **Uimhir an Ordaithe Cúirte (Uimhreacha na nOrduithe Cúirte)** | | | Athbhreithniú Breithiúnach | |
| | | | Habeas Corpus (Airt.40.4.2.) | |

**A. Éileamh Aturnae**

**Chuir mé na doiciméid seo a leanas san áireamh (nuair is ábhartha) le m'éileamh ar íocaíocht faoin Scéim:**

1. Sonrasc bunaidh / Bille Costas / Nóta maidir le Táillí / Ráiteas Cuntais ina dtugtar miondealú ar an tseirbhís ionadaíochta dlí a chuir mo ghnólacht ar fáil agus na dátaí ábhartha agus na táillí sonracha atáthar a éileamh i gcomhair gach míre. Mar is infheidhme, déantar miondealú sa sonrasc ar íocaíochtaí a rinneadh i gcomhair taistil (líon na gciliméadar a taistealaíodh, ticéid traenach srl), fótachóipeáil (líon na leathanach) agus táillí na gCoimisinéirí. Déantar gach íocaíocht amach den sórt sin a dheimhniú agus a cheangal leis an éileamh seo.
2. Sonrasc bunaidh i dtaca le haon fhinné saineolach a bhí ag obair linn nó aon tuarascáil arna coimisiúnú sa chás seo. Áirím nóta maidir leis an ngá a bhí leis an bhfinné saineolach a chur ag obair agus an tuarascáil a choimisiúnú agus cibé acu ar baineadh leas as an bhfinné saineolach agus/nó as an tuarascáil sa socrú Cúirte. (N.B. i gcás gur íoc aturnae díreach as an bhfinné saineolach nó as an tuarascáil cheana féin ba cheart é sin a thaifeadadh agus ní mór admháil bhunaidh a chur isteach).
3. Sonrasc bunaidh mar aon le Foirm Bhunaidh CI 4 Foirm Freastail Aistritheoirí / Ateangairí a bheidh comhlánaithe go hiomlán i dtaca le haon éileamh atáthar a dhéanamh ar chostais aistriúcháin / ateangaireachta.
4. Na hOrduithe Cúirte Tionscnaimh agus Deiridh ina sonraítear go bhfuil sé mar rún ag an iarratasóir iarratas a dhéanamh ar rochtain chuig an Scéim agus moladh na Cúirte sa deireadh thiar go gcuirfí an Scéim i bhfeidhm. Admhaím nach bhféadfar ach amháin an abhcóide sóisearach agus/nó sinsearach atá luaite go sonrach ar an Ordú Cúirte deiridh a mheas i gcomhair íocaíochta, agus i dteideal íocaíochta.
5. Cóip de Dheimhniú Imréitigh Cánach reatha don **Ghnólacht** (tabhair neamhaird air le do thoil má chuir tú Deimhniú a bhí bailí ar dháta an éilimh seo isteach chuig an oifig seo cheana féin). Tuigim nach mór do gach íocaí a gcúrsaí cánach a bheith in ord acu.

**<u>Dearbhú an Aturnae</u>**

**Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil leis an éileamh seo ceart agus go ndearna an duine atá ainmnithe thuas iarratas ag tús na n-imeachtaí ar rochtain ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta agus gur mhol an chúirt go n-íocfaí ionadaíocht dlí an duine faoin Scéim. Dearbhaím nach ndearna an duine aon íocaíocht nó nach ndearnadh aon íocaíocht ar son an duine i dtreo chostas an cháis agus ní dhearna mise ná ní dhéanfaidh mé aon chomhaontú leis an duine atá i gceist nó ar a shon/son.**

**Dearbhaím go dtagann na himeachtaí laistigh d'fhorálacha na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil - Saincheisteanna Coimeádta agus, nuair a thugtar le fios go mbaineann siad le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, deimhním go mbaineann na himeachtaí sin le hábhair choiriúla nó le hábhair ina bhfuil cead an iarratasóra faoi shaincheist.**

**<u>Síniú an Aturnae:</u>** ______________________________________________

**Ainm clóite an Aturnae: ________________________________________________________________**

**Ainm clóite ghnólacht an aturnae: ________________________________________________________________**

**Thall**

**B. Éileamh an Abhcóide Shóisearaigh**

| **Chuir mé na doiciméid seo a leanas san áireamh (nuair is ábhartha) le m'éileamh ar íocaíocht faoin Scéim:** |
|---|
| 1. Sonrasc bunaidh / Bille Costas / Nóta maidir le Táillí / Ráiteas Cuntais ina dtugtar miondealú ar an tseirbhís ionadaíochta dlí a chuir mé ar fáil agus na dátaí ábhartha agus na táillí sonracha atáthar a éileamh i gcomhair gach míre.<br><br>2. Cóip de Dheimhniú Imréitigh Cánach reatha (ní bhaineann sé seo ach le cleachtóirí nach bhfuil ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil). |

**Dearbhú an Abhcóide Shóisearaigh**

**Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil leis an éileamh seo ceart agus go ndearna an duine atá ainmnithe thuas iarratas ag tús na n-imeachtaí ar rochtain ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta agus gur mhol an chúirt go n-íocfaí ionadaíocht dlí an duine chun abhcóide sóisearach a áireamh faoin Scéim. Dearbhaím nach ndearna an duine aon íocaíocht nó nach ndearnadh aon íocaíocht ar son an duine i dtreo chostas an cháis agus ní dhearna mise ná ní dhéanfaidh mé aon chomhaontú leis an duine atá i gceist nó ar a shon/son.**

**Síniú an Abhcóide Shóisearaigh: ________________________________________________________________**

**Ainm Clóite an Abhcóide: ________________________________________________________________**

**C. Éileamh an Abhcóide Shinsearaigh**

| **Chuir mé na doiciméid seo a leanas san áireamh (nuair is ábhartha) le m'éileamh ar íocaíocht faoin Scéim:** |
|---|
| 1. Sonrasc bunaidh / Bille Costas / Nóta maidir le Táillí / Ráiteas Cuntais ina dtugtar miondealú ar an tseirbhís ionadaíochta dlí a chuir mé ar fáil agus na dátaí ábhartha agus na táillí sonracha atáthar a éileamh i gcomhair gach míre.<br><br>2. Cóip de Dheimhniú Imréitigh Cánach reatha (ní bhaineann sé seo ach le cleachtóirí nach bhfuil ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil). |

**Dearbhú an Abhcóide Shinsearaigh**

**Deimhním go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil leis an éileamh seo ceart agus go ndearna an duine atá ainmnithe thuas iarratas ag tús na n-imeachtaí ar rochtain ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta agus gur mhol an chúirt go n-íocfaí ionadaíocht dlí an duine chun abhcóide sinsearach a áireamh faoin Scéim. Dearbhaím nach ndearna an duine aon íocaíocht nó nach ndearnadh aon íocaíocht ar son an duine i dtreo chostas an cháis agus ní dhearna mise ná ní dhéanfaidh mé aon chomhaontú leis an duine atá i gceist nó ar a shon/son.**

**Síniú an Abhcóide Shinsearaigh: ________________________________________________________________**

**Ainm Clóite an Abhcóide:** ____________________________________________

Ba chóir don aturnae ábhartha an Fhoirm Éilimh CI 1 arna comhlánú go hiomlán mar aon le gach doiciméadú a ghabhann léi, a bhfuil cuntas air thuas, a chur ar aghaidh lena breithniú agus lena próiseáil chuig:

**An Bord um Chúnamh Dlíthiúil, An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta, Rannóg um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil, 47 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. DX 139 Baile Átha Cliath.**

**Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil – Saincheisteanna Coimeádta lena n-áirítear Treoirdhoiciméad a fháil ag www.legalaidboard.ie**